Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(M.10545 — PSA/TIL/PNIT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 14 I/06)

1. An 20 Nollaig 2021 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PSA International Pte. Ltd. ("PSA", Singeapór),

— Terminal Investment Limited Sàrl ("TIL", an Eilvéis),

— Pusan Newport International Terminal Co, Ltd. ("PNIT", an Chóiré), faoi rialú PSA.

Faigheann TIL, trí Terminal Investment Switzerland Sàrl ("TIS"), agus PSA rialú comhpháirteach ar PNIT go hindíreach de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Cumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás PSA: oibreoir idirnáisiúnta críochfort calafoirt. Tá sé gníomhach go príomha i soláthar seirbhísí stíbheadóra ag calafoirt, agus béim ar leith ar sheirbhísí críochfoirt coimeádán a chur ar fáil d'iompróirí farraige,

— i gcás TIL: déanann sé infheistíocht i gcríochfoirt choimeádán ar fud an domhain, forbraíonn agus bainistíonn sé iad, go minic i gcomhfhiontair le hoibreoirí críochfoirt eile. Tá TIL faoi chomhrialú indíreach MSC Mediterranean Shipping Company, an Eilvéis agus cistí áirithe atá á mbainistiú ag Global Infrastructure Management, LLC., na Stáit Aontaithe,

— i gcás PNIT: oibríonn sé críochfort coimeádán i gCalafort Nua Busan atá lonnaithe in Busan, cathair chalafoirt in oirdheisceart na Cóiré. Tá sé faoi rialú PSA faoi láthair.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10545 — PSA / TIL / PNIT

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË